C/2024/4548

16.7.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1970 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1971 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua

(C/2024/4548)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, ar na heintitis agus ar na comhlachtaí atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle ([1]) arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1970 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle ([3]) arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1971 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua.

Ceanglaítear le hAirteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2023/1529 nach mór do na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, do na heintitis agus do na comhlachtaí sin a liostaítear tuairisc a thabhairt, laistigh de 6 seachtaine tar éis dháta an liostaithe in Iarscríbhinn III, faoi na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Bhallstáit ar leo iad nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin suite. Ní mór dóibh oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil maidir le fíorú na faisnéise sin. Aon mhainneachtain na hoibleagáidí sin a urramú, measfar gurb éard atá inti, imchéimniú na mbeart maidir le reo sócmhainní agus acmhainní eacnamaíocha.

Ní mór an fhaisnéis atá le tuairisciú a sheoladh chuig údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha, trína shuíomh gréasáin mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529 ([5]).

([1]) IO L 186, 25.7.2023, lch. 20.
([2]) IO L, 2024/1970, 16.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1970/oj.
([3]) IO L 186, 25.7.2023, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/1971, 16.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1971/oj.
([5]) Tá an leagan comhdhlúite deireanach le fáil ag TÉACS Comhdhlúite: 32023R1529 — GA — 16.5.2024 (europa.eu)